


## Bíonn vacsaíní de dhíth ar dhaoine fásta freisin!



De réir mar a théimid in aois, d'fhéadfadh laghdú teacht ar an imdhíonacht atá againn ó roinnt vacsaínithe a fuaireamar roimhe seo. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh an riosca a bhaineann le galair áirithe teacht ar ais.

Is féidir le teanndáileoga vacsaíne cabhrú le do chosaint ar thinnis amhail teiteanas, diftéire agus triuch.



Cosain tú féin agus daoine eile trí vacsaíniú a fháil!



Scan an cód QR chun tuilleadh eolais a fháil ar Thairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú [vaccination-info.europa.eu/en](https://vaccination-info.europa.eu/en)

## Conas a chosnaíonn vacsaíní muid ar feadh ár saoil?



Is féidir le vacsaíní tú féin agus daoine eile a chosaint ar ghalair thromchúiseacha agus ar na haimhréidheanna a ghabhann leo. Ní hamháin i rith bhlianta na hóige, ach ar feadh do shaoil.



TAIRSEACH FAISNÉISE  
EORPACH MAIDIR  
LE VACSAÍNIÚ  
Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh



## Vacsaíniú le linn toirchis

Tá córas imdhíonachta duine lagaithe beagán nuair a bhíonn sí torrach, rud a mhéadaíonn an baol a bhaineann le roinnt tinneas.

Má fhaigheann tú vacsaíniú le linn toirchis, is féidir an mháthair agus an leanbh a chosaint ar ghalair cosúil leis an bhfliú agus triuch.

## Taisteal agus vacsaíniú

Má théann tú ag taisteal d'fhéadfá a bheith neamhchosanta ar ghalair nach bhfuil coitianta i do thír dhúchais. Déan teagmháil le do sholáthraí cúraim sláinte sula dtéann tú ag taisteal, agus déan cinnte de go bhfaighidh tú aon vacsaín atá riachtanach do do cheann scríbe.



## Imdhíonacht phobail a chothú



Nuair a bhíonn líon ard daoine vacsaínithe, is féidir leis sin 'imdhíonacht phobail' a chruthú, rud a chuireann cosc ar scaipeadh galar tromchúiseach.

Tugann imdhíonacht phobail cosaint dóibh siúd nach féidir a vacsaíniú, amhail naíonáin atá ró-óg le vacsaíniú agus daoine a bhfuil riochtaí sláinte áirithe orthu. Cúis mhaith eile le do vacsaínithe a choinneáil cothrom le dáta i rith na haosachta.